Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11475/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0189 (COD)**

**POLCOM 272**
**CODEC 1384**
**COEST 537**
**AGRI 569**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 348 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta léirscaoilte trádála sealadacha is infheidhme i dtaca le táirgí de chuid na hAirméine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 348 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 348 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2026
COM(2026) 348 final

2026/0189 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le bearta léirscaoilte trádála sealadacha is infheidhme i dtaca le táirgí de chuid na hAirméine

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

I mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2026, thug an Rúis srianta isteach agus leathnaigh sí srianta ar raon onnmhairí de chuid na hAirméine, lena n-áirítear branda, fíon, uisce mianraí, agus táirgí talmhaíochta. An tráth céanna, thug sé isteach bacainní ar idirthuras earraí áirithe de chuid na hAirméine trí chríoch Chónaidhm na Rúise. Tá tionchar diúltach substaintiúil ag an staid sin ar dheiseanna trádála na hAirméine.

Le bheith beacht, leis na bearta a thug an Rúis isteach, laghdaíodh go mór rochtain na hAirméine ar chuid dá margaí traidisiúnta, cuireadh isteach ar shlabhraí soláthair seanbhunaithe agus cruthaíodh bacainní tromchúiseacha d'onnmhaireoirí agus táirgeoirí de chuid na hAirméine. Tá drochthionchar ag na bearta ar dheiseanna onnmhairiúcháin agus athléimneacht eacnamaíoch na hAirméine, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do tháirgeoirí talmhaíochta atá ag brath go mór ar na táirgí dá ndéantar difear a onnmhairiú.

D'athdhearbhaigh an tAontas a ghealltanas a chomhpháirtíocht leis an Airméin a neartú agus tacú le geilleagar na hAirméine. Tá an gealltanas sin i gcomhréir go hiomlán leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine (an 'Comhaontú Comhpháirtíochta')[1], arb é is aidhm dó, i measc nithe eile, tacú le hiarrachtaí na hAirméine a hacmhainneacht eacnamaíoch a fhorbairt agus comhar trádála feabhsaithe leis an Aontas a bhunú. Tá an togra seo ailínithe freisin leis an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a glacadh i mí na Nollag 2025, ina sainaithnítear éagsúlú trádála, forbairt shocheacnamaíoch, nascacht agus athléimneacht mar thosaíochtaí ríthábhachtacha.

Roimh an togra seo, tá cúnamh mór airgeadais agus teicniúil slógtha ag an Aontas cheana féin faoin bPlean Athléimneachta agus Fáis don Airméin le haghaidh 2024-2027, ar fiú EUR 270 milliún é. Leis an gcúnamh sin, dírítear go mór ar infheistíocht sa nascacht, san athléimneacht agus san fhorbairt gnó agus ar thacú le héagsúlú onnmhairí na hAirméine agus le táirgí de chuid na hAirméine a chur chun cinn i margaí nua. De mheon na dlúthpháirtíochta leis an Airméin i bhfianaise an bhrú eacnamaíoch sheachtraigh leanúnaigh, tá pacáiste tacaíochta á ullmhú ag an gCoimisiún lena n-áirítear cúnamh airgeadais ar fiú os cionn EUR 50 milliún é. Is gá na bearta sin a chomhlánú le léirscaoileadh trádála spriocdhírithe chun tacaíocht sciobtha inláimhsithe a thabhairt do tháirgeoirí agus onnmhaireoirí de chuid na hAirméine, chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhargadh an Aontais, chun cuidiú leo sreafaí trádála a atreorú ó bhealaí agus margaí srianta, agus chun geilleagar na hAirméine a dhéanamh níos athléimní. Dá bhrí sin, tá rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á mholadh ag an gCoimisiún lena dtugtar isteach bearta léirscaoilte trádála i bhfoirm an mhéid seo a leanas:

- dleachtanna *ad valorem* faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife Plus a chur ar fionraí go sealadach, cé is moite de tháirgí íogaire áirithe agus lena n-áirítear earraí talmhaíochta áirithe a bhfuil toirmeasc orthu ag an Rúis; agus

---

[1] Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile (IO L 23, 26.1.2018, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2018/104/oj).

- dleachtanna *ad valorem* ar ocht dtáirge talmhaíochta a bhaint laistigh de theorainneacha na dtaraifchuótaí is infheidhme.

Beidh feidhm ag na bearta sin ar feadh tréimhse 2 bhliain.

Beidh na bearta sealadacha agus eisceachtúla sin ina gcuidiú chun tacú leis na sreafaí trádála atá ann cheana ón Airméin go dtí an tAontas agus iad a neartú. Tá sé sin i gcomhréir le ceann de phríomhchuspóirí an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, is é sin tacú le hiarrachtaí na hAirméine a hacmhainneacht eacnamaíoch a fhorbairt agus feabhas a chur ar an gcomhar trádála idir na páirtithe.

Déantar na bearta léirscaoilte trádála dá bhforáiltear sa togra seo i gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach in Airteagail 2 agus 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta, lena gcumhdaítear prionsabail an daonlathais, an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, agus cur in aghaidh leathadh na n-arm ollscriosta mar ghnéithe fíor-riachtanacha den chomhaontú sin.

Thairis sin, tá sé d'aidhm ag na bearta léirscaoilte trádála atá sa togra seo a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 207(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go seolfar comhbheartas tráchtála an Aontais i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Bheadh an beart léirscaoilte trádála atá beartaithe comhsheasmhach le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus lena ghealltanas feabhas a chur ar an gcomhar trádála idir an tAontas agus an Airméin agus tacú leis an Airméin a hacmhainneacht eacnamaíoch a fhorbairt.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I gcomhréir leis an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin agus leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, tá bearta móra déanta ag an Aontas chun tacú le hathléimneacht, trádáil agus éagsúlú eacnamaíoch na hAirméine sa chomhthéacs eisceachtúil sin, lena n-áirítear bearta trí Phlean Athléimneachta agus Fáis EUR 270 milliún le haghaidh 2024-2027, infheistíochtaí faoi Global Gateway agus faoin gComhpháirtíocht Nascachta, chomh maith le cúnamh airgeadais breise agus bearta éascaithe trádála a fógraíodh mar fhreagairt ar na srianta trádála is déanaí de chuid na Rúise. Tá dlús curtha ag an Aontas freisin leis an gcomhar leis an Airméin i raon leathan réimsí beartais, lena n-áirítear nascacht, tacaíocht ghnó agus cur chun feidhme athchóirithe, d'fhonn athléimneacht shocheacnamaíoch na hAirméine a neartú agus roghanna malartacha ar bhealaí trádála agus margaí srianta a chur ar fáil.

Dá bhrí sin, comhlíonann an rialachán atá beartaithe oibleagáid an Aontais faoi Airteagal 21(3) CAE, agus tugann sé éifeacht don oibleagáid sin, comhsheasmhacht a áirithiú idir réimsí éagsúla a ghníomhaíochta seachtraí, agus is aisti a eascraíonn sé, agus le hAirteagal 207(1) CFAE lena bhforáiltear go bhfuil an comhbheartas tráchtála le déanamh i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Go háirithe, tá sé comhsheasmhach le cuspóir an Aontais tacú le comhpháirtithe a bhfuil brú eacnamaíoch seachtrach orthu, athléimneacht agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus an caidreamh eacnamaíoch agus trádála leis an Airméin a dhoimhniú mar a leagtar

amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 207(2) CFAE an bunús dlí don togra.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (e), CFAE, is inniúlacht eisiach de chuid an Aontais é an comhbheartas tráchtála. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo riachtanach chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme agus chun an cuspóir a bhaint amach maidir le tacaíocht a thabhairt don Airméin faoi na deacrachtaí atá aici faoi láthair, i réimse na trádála leis an Aontas freisin.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 207(2) CFAE, lena bhforáiltear maidir le bearta comhbheartais tráchtála.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise na staide práinní san Airméin, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh an rialachán atá beartaithe i bhfeidhm a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair le haghaidh an togra atá beartaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní chuireann an beart atá molta le hualach rialála cuideachtaí.

- **Cearta bunúsacha**

Bheadh an chóireáil fhabhrach faoin mbeart atá beartaithe coinníollach ar urramú na mbunphrionsabal céanna agus atá cumhdaithe sa Chomhaontú Comhpháirtíochta. Go háirithe, foráiltear le hAirteagail 2 agus 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta gur gnéithe fíor-

riachtanacha den chomhaontú sin iad prionsabail an daonlathais, an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, agus cur in aghaidh leathadh na n-arm ollscriosta.

Bheadh an beart atá molta i gcomhréir freisin leis an gCairt Eorpach um Chearta Bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ar bhonn leibhéal na n-allmhairí ón Airméin in 2025, meastar go gcaillfidh an tAontas ioncam custaim dar luach níos lú ná EUR 3 mhilliún in aghaidh na bliana.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá tuairisciú ar líne ar fhorbairt na trádála déthaobhaí idir an tAontas agus an Airméin le fáil ar shuíomhanna gréasáin atá ag an gCoimisiún Eorpach chuige sin[2].

Leis an togra, tugtar isteach bearta léirscaoilte trádála sealadacha agus eisceachtúla le haghaidh táirgí de thionscnamh na hAirméine agus a bhfuil sé de chuspóir acu tacú le sreafaí trádála na hAirméine chuig an Aontas mar fhreagairt ar shrianta agus ar bhacainní a dhéanann difear d'onnmhairí na hAirméine.

Déantar foráil ann go príomha maidir le cóireáil fhabhrach taraife le haghaidh táirgí roghnaithe, faoi réir coinníollacha a bhaineann le tionscnamh, nósanna imeachta custaim, comhar riaracháin, agus sásraí fionraí nó coimirce a d'fhéadfadh a bheith ann.

Dá bhrí sin, is beart beartais trádála gearrthéarmach é an togra go príomha agus ní bhunaítear leis creat rialála nua le haghaidh seirbhísí digiteacha, rialachas sonraí, nósanna imeachta uathoibrithe ná seirbhísí poiblí digiteacha.

Féadfaidh a chur chun feidhme a bheith ag brath ar shonraí agus ar uirlisí digiteacha atá in úsáid cheana féin ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún, ach ní fhorchuirtear leis aon cheanglas ceangailteach nua maidir leis na córais sin a úsáid, a fhorbairt nó a oiriúnú.

Ní gá aon chóras TF nua, aon réiteach digiteach nua ná aon mhodhnú substaintiúil a dhéanamh ar na córais atá ann cheana. Ní bheadh aon phróiseáil sonraí ná malartú faisnéise ina chuidiú ach amháin chun tacú leis na bearta trádála sealadacha a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh orthu agus ní hionann iad agus ceanglas nua sonraí ná ceanglas digiteach.

I bhfianaise na tréimhse teoranta agus easpa ceanglais digiteacha nua, níl feidhm ag an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú'.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I bhfianaise phráinn na srianta a dhéanann difear d'onnmhairí na hAirméine, is é is aidhm don bheart allmhairí ón Airméin a mhéadú trí tharaifí agus dleachtanna allmhairiúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar liosta de tháirgí de chuid na hAirméine a chur ar fionraí go páirteach.

[2] https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/countries-and-regions/armenia_ga; https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/statistics_ga.

2026/0189 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le bearta léirscaoilte trádála sealadacha is infheidhme i dtaca le táirgí de chuid na hAirméine

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile[4] (an 'Comhaontú Comhpháirtíochta'), ina bhonn leis an ngaol idir an tAontas agus an Airméin. I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/104 ón gComhairle,[5] ón 1 Meitheamh 2018, bhí feidhm shealadach ag Teideal VI den Chomhaontú Comhpháirtíochta, ar teideal é a bhaineann le trádáil agus le cúrsaí trádála, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021 tar éis do na Ballstáit uile é a dhaingniú.

(2) Cuirtear in iúl sa Chomhaontú Comhpháirtíochta gur mian leis an Aontas agus leis an Airméin comhar trádála feabhsaithe a bhunú lena gcumasófar comhar rialála marthanach i réimsí ábhartha, i gcomhréir leis na cearta agus na hoibleagáidí is toradh ar bhallraíocht san Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Tá forbairt na trádála ar cheann de phríomhchuspóirí an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta. Chun tacú le forbairt caidrimh eacnamaíoch níos dlúithe leis an Aontas agus dlús a chur leis an bhforbairt sin, is iomchuí na sreafaí trádála a bhaineann le hallmhairiú táirgí áirithe a mhéadú.

(3) Ó mhí na Bealtaine 2026 ann, tá bearta trádála mórscála tugtha isteach ag Cónaidhm na Rúise a dhéanann difear d'allmhairí príomhtháirgí onnmhairiúcháin de chuid na hAirméine agus d'idirthuras na dtáirgí sin, lena n-áirítear deochanna alcólacha, uisce mianraí, torthaí agus glasraí. Leis na bearta sin, laghdaíodh go mór rochtain na hAirméine ar a margaí traidisiúnta agus cuireadh isteach ar shlabhraí soláthair seanbhunaithe. Tá drochthionchar ag an staid ar dheiseanna onnmhairiúcháin na

---

3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa xx xx 2026 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an xx xx 2026.

4 IO L 23, 26.1.2018, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2018/104/oj.

5 Cinneadh (AE) 2018/104 ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Chuimsithigh Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile (IO L 23, 26.1.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/104/oj).

hAirméine, go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar tháirgeoirí talmhaíochta, agus tá an baol ann go mbainfí an bonn go mór d'athléimneacht eacnamaíoch agus cobhsaíocht shóisialta na tíre. Faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an Chláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin[6], tá gealltanas tugtha ag an Aontas agus ag an Airméin a gcaidreamh eacnamaíoch agus trádála a dhoimhniú agus tacú le trádáil agus éagsúlú eacnamaíoch. I bhfianaise an mhéid sin agus de mheon na dlúthpháirtíochta leis an Airméin, is iomchuí sreafaí trádála a spreagadh agus lamháltais a dheonú i bhfoirm bearta léirscaoilte trádála le haghaidh táirgí áirithe de chuid na hAirméine.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, áiritheoidh an tAontas comhchuibheas idir réimsí éagsúla dá ghníomhaíochta seachtraí. De bhun Airteagal 207(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá an comhbheartas tráchtála le stiúradh i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart bearta léirscaoilte trádála a thabhairt isteach i bhfoirm dleachtanna *ad valorem* a chur ar fionraí go sealadach de réir sceideal Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife Plus le roinnt oiriúnuithe amhail táirgí íogaire áirithe a bhaint agus lena n-áirítear earraí talmhaíochta áirithe a bhfuil toirmeasc orthu ag an Rúis, agus dleachtanna *ad valorem* ar ocht dtáirge talmhaíochta a bhaint laistigh de theorainneacha na dtaraifchuótaí is infheidhme.

(6) Chun calaois a chosc, ba cheart na socruithe fabhracha a bhunaítear leis an Rialachán seo a bheith coinníollach ar an Airméin an méid seo a leanas a chomhlíonadh: na coinníollacha ábhartha uile a leagtar amach sa Rialachán seo agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta; na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir leis na táirgí lena mbaineann agus na nósanna imeachta a bhaineann leo; agus rannpháirtíocht na hAirméine i ndlúthchomhar riaracháin leis an Aontas, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún[7] agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447[8].

(7) Ba cheart don Airméin staonadh ón méid seo a leanas: dleachtanna nó muirir chomhéifeachta nua nó srianta cainníochtúla nó bearta comhéifeachta nua a thabhairt isteach; méadú a dhéanamh ar dhleachtanna nó ar mhuirir atá ann cheana; nó aon srian eile ar thrádáil leis an Aontas a thabhairt isteach. Mura gcomhlíonann an Airméin aon cheann de na coinníollacha sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún na socruithe fabhracha uile a bunaíodh leis an Rialachán seo, nó cuid díobh, a chur ar fionraí ar bhonn sealadach.

(8) Bunaítear le hAirteagail 2 agus 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta prionsabail an daonlathais, an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, agus cur in aghaidh leathadh na n-arm ollscriosta mar ghnéithe fíor-riachtanacha den chomhaontú sin. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht na

---

6 European Union and Armenia adopt new Strategic Agenda to deepen partnership - Enlargement and Eastern Neighbourhood.

7 Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

8 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lgh. 558-893).

socruithe fabhracha a bhunaítear leis an Rialachán seo a chur ar fionraí go sealadach mura gcomhlíonann an Airméin aon cheann de na forálacha a shainaithnítear mar ghnéithe fíor-riachtanacha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.

(9) Faoi réir measúnú ón gCoimisiún a dhéantar i gcomhthéacs an fhaireacháin thráthrialta ar thionchar an Rialacháin seo agus a sheoltar tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, is gá foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht aon bheart is gá a ghlacadh i leith allmhairí aon táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a dhéanann dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo.

(10) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún na socruithe fabhracha dá dtagraítear in aithris 5 a chur ar fionraí go sealadach agus bearta ceartaitheacha a thabhairt isteach i gcás ina ndéanann allmhairí difear do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach, sin nó i gcás ina bhféadfadh na hallmhairí sin a thagann faoin Rialachán seo difear a dhéanamh dóibh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. Is gá foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht dleachtanna custaim a thabhairt isteach an athuair, faoi réir imscrúdú arna dhéanamh ag an gCoimisiún, ar allmhairí aon táirge a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ar cúis iad, nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis, le deacrachtaí móra do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo.

(11) I bhfianaise na staide práinní san Airméin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar feadh tréimhse 2 bhliain,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bearta léirscaoilte trádála**

Tugtar isteach na socruithe fabhracha seo a leanas:

(a) na táirgí de thionscnamh na hAirméine a liostaítear in Iarscríbhinn I, ceadófar iad a allmhairiú isteach san Aontas agus iad díolmhaithe ó dhleachtanna allmhairiúcháin *ad valorem*;

(b) na táirgí de thionscnamh na hAirméine a liostaítear in Iarscríbhinn II, ceadófar iad a allmhairiú isteach san Aontas agus iad díolmhaithe ó dhleachtanna allmhairiúcháin *ad valorem* laistigh de theorainneacha tharaifchuótaí an Aontais mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Is é an Coimisiún a riarfaidh na taraifchuótaí dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (b), i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún.

---

9 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

*Airteagal 2*

**Coinníollacha chun bheith i dteideal socruithe fabhracha**

Beidh na socruithe fabhracha dá bhforáiltear in Airteagal 1, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonadh na rialacha tionscnaimh ag an Airméin dá bhforáiltear in Airteagail 59 go 70 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus Airteagail 113 go 126 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

Gan dochar d'Airteagal 119(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, féadfaidh onnmhaireoir de chuid na hAirméine atá cláraithe i gcóras Onnmhaireoirí Cláraithe (REX) an Aontais dearbhú sonraisc a dhéanamh freisin i gcomhréir le forálacha ábhartha Airteagail 70, 71, 72, 86, 89 agus 91 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447;

(b) Rannpháirtíocht na hAirméine i gcomhar riaracháin éifeachtach leis an Aontas, lena n-áirítear comhar de réir mar is gá chun cruthúnas tionscnaimh a fhíorú, chun aon riosca calaoise a chosc;

(c) staonadh na hAirméine ó aon dleacht nó muirear comhéifeachta nua nó ó aon srian cainníochtúil nó beart chomhéifeachta nua a thabhairt isteach maidir le hallmhairí de thionscnamh an Aontais, ó mhéadú a dhéanamh ar dhleachtanna nó muirir atá ann cheana agus ó aon srian eile ar thrádáil leis an Aontas a thabhairt isteach, lena n-áirítear bearta riaracháin inmheánacha atá idirdhealaitheach, ach amháin má tá údar cuí leis agus má thugtar fógra faoi don Choimisiún; agus

(d) Urraim na hAirméine do phrionsabail an daonlathais, don smacht reachta, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, agus cur in aghaidh leathadh na n-arm ollscriosta, dá bhforáiltear in Airteagail 2 agus 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta.

*Airteagal 3*

**Fionraíocht shealadach**

1. Má chinneann an Coimisiún gur leor an fhianaise atá ann lena léiriú nár chomhlíon an Airméin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, féadfaidh sé, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na socruithe fabhracha uile dá bhforáiltear in Airteagal 1 a chur ar fionraí nó cuid díobh a chur ar fionraí. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(3).

2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún aon cheann de na socruithe fabhracha a chur ar fionraí ar an mbonn nár chomhlíon an Airméin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (c), soláthróidh an Coimisiún, laistigh de 4 mhí ón iarraidh a fháil, tuairim réasúnaithe i dtaobh an bhfuil bunús leis an maíomh nár chomhlíon an Airméin na coinníollacha. Má chinneann an Coimisiún go bhfuil bunús leis an maíomh, cuirfidh sé tús leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 4*

**Bearta coimirce**

1. I gcás ina ndéantar táirge a chumhdaítear le hAirteagal 1 de thionscnamh na hAirméine a allmhairiú faoi choinníollacha a dhéanann dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla

nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leis, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, aon bheart is gá a fhorchur. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(3).

Féadfar na bearta sin a fhorchur a fhad is gá chun cur in aghaidh na n-éifeachtaí díobhálacha ar mhargadh an Aontais nó ar mhargadh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid mhargadh an Aontais nó margaidh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach d'fhonn bearta a fhorchur i gcomhréir le mír 1. Tionscnófar an measúnú sin:

(a) ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát lena n-áirítear fianaise leordhóthanach prima facie atá ar fáil go réasúnta don Bhallstát sin de bhun mhír 3 maidir le hallmhairí a dhéanann dochar don mhargadh dá dtagraítear i mír 1; nó

(b) ar a thionscnamh féin, tar éis don Choimisiún teacht ar an tuiscint gur dealraitheach go bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann go ndéanann allmhairí dochar don mhargadh dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfear an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcrích laistigh de 4 mhí óna seoladh.

3. Agus an measúnú á dhéanamh aige de bhun mhír 2, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na forbairtí ábhartha uile sa mhargadh lena n-áirítear tionchar na n-allmhairí lena mbaineann ar staid mhargadh an Aontais nó margaidh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo. Áireofar sa mheasúnú sin na tosca seo a leanas:

(a) ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí an táirge lena mbaineann ón Airméin i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta;

(b) éifeacht na n-allmhairí lena mbaineann ar tháirgeadh agus ar phraghsanna ar mhargadh an Aontais nó i margadh Ballstáit amháin nó níos mó, agus forbairt na n-allmhairí ó fhoinsí eile á cur san áireamh an tráth céanna.

Ní liosta uileghabhálach é liosta na dtosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus féadfar tosca ábhartha eile a chur san áireamh freisin.

4. In imthosca criticiúla, ina mbeadh moill ina cúis le díobháil don mhargadh ábhartha a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, aon bheart is gá a fhorchur go sealadach. Ní fhéadfar beart coimirce den sórt sin a fhorchur ach amháin tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát de bhun mhír 2, an chéad fhomhír, pointe (a), agus glacfar é laistigh de 21 lá tar éis iarraidh sin a fháil. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(4). Ní mhairfidh beart coimirce sealadach níos faide ná 120 lá.

5. I gcás ina measann an Coimisiún, de thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2, go ndearnadh dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach agus ina bhfuil sé beartaithe aige beart cinntitheach a fhorchur de bhun mhír 1, foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina bhfógrófar go bhfuil sé beartathe beart den sórt sin a thabhairt isteach. Tabharfar achoimre san fhógra sin ar phríomhthorthaí an mheasúnaithe agus sonrófar ann an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh páirtithe

leasmhara a dtuairimí a chur isteach i scríbhinn. Ní rachaidh an tréimhse sin thar 10 mí ó dháta foilsithe an fhógra.

*Airteagal 5*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um Chód Custaim, a bunaíodh le hAirteagal 285(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] cúnamh a thabhairt don Choimisiún i ndáil le hAirteagal 3(1) den Rialachán seo. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Déanfaidh an Coiste um Choimircí cúnamh a thabhairt don Choimisiún i ndáil le hAirteagal 4(1) den Rialachán seo. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 6*

**Measúnú ar chur chun feidhme na mbeart um léirscaoileadh trádála**

Tuairisceoidh na páirtithe ar chur chun feidhme na mbeart léirscaoilte trádála a bhunaítear leis an Rialachán seo sa Choiste Comhpháirtíochta i gcumraíocht trádála a cuireadh ar bun faoin gComhaontú Comhpháirtíochta.

*Airteagal 7*

**Teacht i bhfeidhm agus feidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go ceann 2 bhliain tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, lgh. 1–101, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD**

## 1. AINM AN TOGRA

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta léirscaoilte trádála sealadacha is infheidhme maidir le táirgí de chuid na hAirméine

## 2. LÍNTE BUISÉID

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann: (2026) EUR 21 368 300 000

## 3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an chéad ionad deachúlach)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam[11][12] | Tréimhse 24 mhí dar tús 1.1.2027 *(más infheidhme)* |
|---|---|---|
| Caibidil 12, Airteagal 120 | Tionchar ar acmhainní dílse | -5,4 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 |
| Caibidil 12, Airteagal 120 | -2,475 | -2,97 | - | - | - |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Chun calaois a chosc, an teideal chun leas a bhaint as na bearta trádála a bhunaítear leis an rialachán seo atá beartaithe, ba cheart é a bheith faoi réir na gcoinníollacha ábhartha uile chun

---

[11] Is gá gur meastachán, atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi Roinn 5, iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách an méid bliantúil a íoc gan laghdú nó *pro rata*.

[12] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin go dtí 2027 a bheith bainte astu san áireamh, agus 10 % ina dhiaidh sin, mar a mholtar in COM(2025) 574.

sochair a fháil faoin rialachán a bheith comhlíonta ag an Airméin, lena n-áirítear na rialacha tionscnaimh infheidhme maidir leis na dtáirgí ábhartha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis sin, agus faoi réir an Airméin a bheith ag obair i ndlúthchomhar riaracháin leis an Aontas.

## 5. BARÚLACHA EILE

Tá na ríomhanna bunaithe ar méideanna allmhairiúcháin de na táirgí ó 2025 a chumhdaítear leis an rialachán atá beartaithe. Ba é 2025 an bhliain dheireanach sular tugadh isteach bearta trádála uathrialacha.

Ar bhonn na ríomhanna thuas, meastar caillteanas ioncaim acmhainní dílse traidisiúnta, a eascraíonn as an rialachán atá beartaithe, a bheith cothrom le EUR 3,3 milliún (ollmhéid, lena n-áirítear costais bhailiúcháin) x 0,75 = EUR 2,475 milliún do 2027, agus EUR 3,3milliún (ollmhéid, lena n-áirítear costais bhailiúcháin) x 0,9 = EUR 2,97 milliún do 2028. EUR 5,44 milliún atá san iomlán glan don tréimhse 2 bhliain a chumhdaítear leis an mbeart[13].

[13] Tugtar neamhaird ar an tionchar ar ioncam in 2026 mar gheall ar a mhéid teoranta.